**An tOrdú Olltoghcháin don Seanad (Rolla-Chomhaltaí), 2020**

**Seanad (Panel Members) General Election Order 2020**

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 24 d'Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí), 1947 (Uimh. 42 de 1947) (arna oiriúnú leis an Ordú Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú), 2017 (I.R. Uimh. 358 de 2017)), ordaímse, Eoghan Ó Murchú, Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, leis seo mar a leanas:

1. Féadfar an tOrdú Olltoghcháin don Seanad (Rolla-Chomhaltaí), 2020 a ghairm den Ordú seo.

2. Tá feidhm ag an Ordú seo maidir le holltoghchán an tSeanaid a dhéanfar de chionn Dáil Éireann a lánscor an 14 Eanáir 2020.

3. Maidir leis an tréimhse ina bhféadfaidh Ceann Comhairimh an tSeanaid—

   (a) glacadh le moltaí le haghaidh ainmniúcháin chun na rollaí ó chomhlachtaí ainmniúcháin, críochnóidh sí um nóin an 24 Feabhra 2020, agus

   (b) glacadh le hainmniúcháin chun na rollaí ó chomhaltaí den Oireachtas, críochnóidh sí um nóin an 2 Márta 2020.

4. Suífidh Ceann Comhairimh an tSeanaid i dTeach Laighean, Baile Átha Cliath 2 an 9 Márta 2020 chun na rollaí a chomhlánú.

I, Eoghan Murphy, Minister for Housing, Planning and Local Government, in exercise of the powers conferred on me by section 24 of the Seanad Electoral (Panel Members) Act 1947 (No. 42 of 1947) (as adapted by the Housing, Planning and Local Government (Alteration of Name of Department and Title of Minister) Order 2017 (S.I No. 358 of 2017)), hereby order as follows:

1. This order may be cited as the Seanad (Panel Members) General Election Order 2020.

2. This Order applies to the Seanad general election to be held as a consequence of the dissolution of Dáil Éireann on 14 January 2020.

3. The period during which the Seanad Returning Officer may receive -

   (a) proposals for nominations to the panels by nominating bodies, expires at noon on 24 February 2020, and

   (b) nominations to the panels by members of the Oireachtas, expires at noon on 2 March 2020.

4. The Seanad Returning Officer shall sit at Leinster House, Dublin 2 on 9 March 2020 for the completion of the panels.

5. Eiseofar páipéir bhallóide don toghchán an 16 Márta 2020.

6. Cuirfear críoch leis an vótaíocht sa toghchán ar 11.00 a.m. an 30 Márta 2020.

7. Féadfar páipéir ainmniúcháin agus scríbhinní eile a chur chuig an gCeann Comhairimh i dTeach Laighean, Baile Átha Cliath 2

5. Ballot papers for the election shall be issued on 16 March 2020.

6. The poll at the election shall be closed at 11.00 a.m. on 30 March 2020.

7. Nomination papers and other communications may be sent to the Seanad Returning Officer at Leinster House, Dublin 2.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil,
GIVEN under my Official Seal,

21 Eanáir, 2020
21 January, 2020

L.S. Eoghan Murphy

Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.
Minister for Housing, Planning and Local Government.